



Droichead - Eolais ar Am Scaoilte - Bunscoil

Cuirtear am scaoilte, le clúdach ó ionadaí, ar fáil le linn ionductú scoilbhunaithe sna scoileanna ina bhfuil próiseas Droichead ar bun. **Ní gá** do na scoileanna cur isteach ar an am scaoilte seo

Bunscoileanna

Líon na múinteoirí nuacháilithe ar Droichead	Am scaoilte scoile atá ar fáil do na scoileanna i ngach bliain acadúil (Laethanta)
0	0
1	4
2-4	5
5-6	6
7+	7

Ní mór do Bhunscoileanna suas le 10 gcinn d'uaireanta Pháirc an Chrócaigh, le cead na bainistíochta roimh ré, ar mhaithe le hionductú. Féach ciorclán 0042/2016 leathanach 3, alt 6 (bunscoil).

Clúdach Ionadaithe a Éileamh chun Tráth Scaoilte a chlúdach

Ní mór do bhunscoileanna clúdach ionadaithe a éileamh tríd an OLCS trí dhul chuig an gcluaisín 'Forbairt Ghairmiúil Leanúnach/Gníomhaíochtaí Gairmiúla' faoin gCatagóir Shaoire. Sa chluaisín don Fhochatagóir Shaoire, roghnaigh 'FTG/Ionductú Scoilbhunaithe' ón roghchlár anuas. Féach Fíor 1 thíos. Má bhíonn deacrachtaí ag scoileanna, ba cheart tacaíocht a fháil ón gcóras OLCS agus teagmháil a dhéanamh le onlineclaims@education.gov.ie nó 090 6483779 nó 090 6484185.

Ba chóir do **Scoileanna na mBord Oideachais agus Oilíúna** clúdach ionadaí agus íocaíocht d'ionadaithe a shocrú ar an ngnáthshlí trí cheannoifig a mbord oideachais agus oilíúna.

Is tábhachtach go gcoinníonn scoileanna taifead ar gach lá a éilíodh. Is féidir go ngearrfar costas an chlúdaigh ionadaíochta ar scoileanna má sháraítear an méid am scaoilte a thógtar an méid atá ceadaithe.

Tráth Scaoilte Lánroghnach

Is féidir go mbronnfar am scaoilte breise ar scoil i gcásanna eisceachtúla. Chun am faoi lánrogha a iarraidh, ba chóir do scoileanna teagmháil a dhéanamh le hlonduchtú Droichead in Oide ag droicheadinduction@oide.ie.

The image shows a screenshot of the esi.net OLCS (Online Leave Claims System) interface. On the left is a navigation menu with options like 'Online Claims System', 'Leave', 'School Closures', 'Time Allocations', 'Online Reports', 'Offline Reports', 'Worklists', 'Supervision and Substitution', and 'Lansdowne Road Agreement Circular 0045/2016'. The main area displays the 'Leave Search' form with fields for Staff Member, Leave Start Date, Leave End Date, Leave Category, Leave Sub-category, Leave ID, and Medical Certificate Number. Annotations highlight key features: 'The staff member in whose name the release day will be claimed' points to the Staff Member field; 'Release time date' points to the date fields; 'Leave Category: Continuing Professional Development/Professional Activities' points to the dropdown menu; and 'Leave Sub-categories: Teacher Induction - Associates/Facilitators, Teacher Induction - Oide CPD (e.g. PST Training), Teacher Induction - PST/School Based Induction' points to the sub-category dropdown.

Fíor 1: OLCS (An Roinn Oideachais agus Óige)